



## Polasaí Measúnaithe & Obair Bhaile

### Baineann an polasaí le

Scoláirí, príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, foireann tacaíochta an Choláiste .

### Cúis

Chun leanúnachas oibre a chinntiú ionas go mbeidh an fhorbairt is fearr á dhéanamh ag scoláirí an Choláiste .

### Cuspóir an Mheasúnaithe:

- Faisnéis chruinn maidir le leibhéal tuisceana agus leibhéal foghlama scoláirí a sholáthar
- Réimse éagsúil de chuir chuige teagaisc a chur chun cinn agus tacú leis sin.
- Tacú le réimse iomlán na gcuspóirí curaclaim a bhaint amach.
- Deis a thabhairt do scoláirí chun cur lena bhféinmheas, a gcuid eolais, a scileanna tuisceana, a ndearthaí agus a gcuid luachanna.
- Cur le feachtas fhéinmheastóireachta an Choláiste (**FMS**)\*\*
- Deis a sholáthar do thuismitheoirí chun dul chun cinn a gcuid páistí a phlé.

Cé go mbaineann an polasaí seo go dlúth le scoláirí glacann foireann teagaisc an Choláiste go comhoibríoch leis an phróiseas **FMS** i ngach gné de shaol an Choláiste mar atá le sonrú i gcáipéisí eile an Choláiste . Aithníonn an Choláiste measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama (ina bhfuil féinmheasúnú agus piarmheasúnú san áireamh) mar bhunchlocha an pholasaí seo.

### \*\*Féin Mheastóireacht Scoile

Is é is féinmheastóireacht scoile (FMS) ann ná próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach agus cuimsitheach den athbhreithniú inmheánach scoile. Le linn FMS, beidh an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na múinteoirí, faoi stiúir an bhoird bhainistíochta agus an phátrúin, agus i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus leis na scoláirí, páirteach i bhfiosrú athmhachnamhach ar obair an Choláiste . Baineann féinmheastóireacht scoile go príomha le feabhsúchán agus le forbairt scoile.

### Níl scrduithe iontrála ann do scoláirí ar mhian leo clárú sa gColáiste

### Aidhmeanna

- Múinteoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn an dalta
- Dul chun cinn déanta ag gach scoláire
- Le tuismitheoir/ caomhnóirí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn an dalta

- Daltaí le riachtanais faoi leith, ag fáil na h-acmhainní cearta agus nach bhfuil siad faoi bhac.
- Gach dalta ag oibriú ar a gcumas féin
- Go mbeidh tuiscint iomlán ag an scoláire ar obair an lae.
- Go mbeidh sé de chleachtadh ag na scoláirí dul siar a dhéanamh ar obair an lae.
- Go mbeidh taithí acu ar cheisteanna a fhreagairt mar a bheidh ar pháipéir scrúdaithe.
- Eolas a thabhairt d'Eagrais eile taobh amuigh den scoil (FSS, NEPS) chun cuidiú breise a fhail
- An fhoireann tacaíochta foghlama a chur ar an eolas faoi dhaltaí a mbeadh deacrachtaí foghlama acu.
- Chun scileanna taighde/measúnaithe a fhorbairt i scoláirí.
- Go mbeidh aiseolas ag scoláire/tuismitheoir ón múinteoir ar chaighdeán na foghlama.

## OBAIR BHAILE

Cuirtear béim ar obairbhaile sa scoil mar chuid de fhorbairt oideachasúil an scoláire.

Is ionann obairbhaile agus aon obair scríofa, foghlamtha nó taighde a thugann an múinteoir le déanamh taobh amuigh d'am scoile.

- Caithfidh gach scoláire dialann oifigiúil obair bhaile a bheith aige/aici, áit a gcaithfidh siad sonraí obairbhaile a scríobh go laethúil.
- Ba chóir do thuismitheoirí a cinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta gach oíche agus an dialann a shiniú maidir le scoláirí blianta 1, 2 agus 3.
- Mura mbíonn an obair bhaile déanta is gá nóta a bheith sa dialann sínithe ag thuismitheoir/caomhnóir.
- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fhág an scoláire cóip leabhar/leabhar sa bhaile.
- Má tá scoláire gafa le himeachtaí eis-churaclaim tá sé de dhualgas orthu an obair bhaile a fháil agus é a dhéanamh.

Scoláire a bhíonn gan obair bhaile go minic, d'fhéadfaí nach mbeadh cead acu páirt a ghlacadh in imeachtaí eis-churaclaim.

### Cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar obair bhaile

- Múinteoirí ábhair go laethúil mar gnáth chuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Déanfaidh múinteoir taifead ar measúnú ar obairbhaile.
- Déanfar tagairt de chaighdeán an obair bhaile ar thuairisc a chuirtear abhaile.

### Fad Obair Bhaile

Moltar seo thíos mar threoirlíne leathan maidir le cé mhéad uair an chloig ba chóir do dhaltaí caitheamh ar obair bhaile. Tá sé bunaithe ar dheá-chleachtas agus níl sé críochnaitheach.

1ú Bliain	1 ½ uair
2ú Bliain	2 – 2 ½ uair
3ú Bliain	2 ½ - 3 huair
5ú Bliain	2 ½ - 3 huair
6ú Bliain	3 – 4 huair

## Taifeadadh

Má theipeann ar dhaltá iarracht a thabhairt ar obair a dhéanamh, nó má léiríonn siad go soiléir nach bhfuil suim acu san obair, déanfar nóta de i Lámhleabhar an Mhúinteora agus/nó VS Ware chomh maith le nóta i nDialann na ndaltá.

Sa gcás go dteipeann ar dhaltá go rialta an obair bhaile a dhéanamh tabharfaidh an múinteoir nóta '**1 Obair Bhaile**' ar VSWARE. Má tá níos mó ná dhá nóta gorm is féidir leis an múinteoir '*Géibheann*' a thabhairt don dalta. Déanfar teagmháil le tuismitheoirí- *Cárta Buí* a sheoladh abhaile- nuair a theipeann ar dhaltá obair bhaile a thabhairt isteach go rialta ar a laghad 3 huairé)

### *I gcás na múinteoirí:*

- Beidh baint ag an obair bhaile leis an obair ranga .
- Míneoidh an múinteoir an obair bhaile go hiomlán.
- Ceartóidh an múinteoir an obair bhaile agus beidh aiseolas dearfach cuiditheach ag na daltaí ag teacht le measúnú chun foghlama (ráiteas ag tacú le measúnú chun foghlama ar a laghad uair sa tseachtain)
- Beidh dóthain ama ag daltaí chun nóta den obair bhaile a scríobh síos
- Beidh dóthain ama ag daltaí chun an obair bhaile a dhéanamh.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Is feidir tagairt do chaighdeán an obair bhaile ar thuairisc a chuirtear abhaile, gach téarma.

### *I gcás na ndaltá*

- Scríobhfaidh daltaí nóta den obair bhaile a bheidh le déanamh acu sa Dialann.
- An obair bhaile i ngach réimse ábhair tógfaidh sí méid ama réasúnta.
- Má tá ar dhaltá a lán ama a chaitheamh ar obair bhaile (aistí, tionscadail agus araile) cuirfear sin san áireamh.
- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fágadh cóipleabhar/leabhar sa bhaile nó i dtaisceadán.
- Má tá scoláire gafa le himeacht eischuraclaim tá sé de dhualgas orthu an obair bhaile a fháil agus é a dhéanamh.
- Cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i gcás daltaí a bhíonn gan obair bhaile go rialta (ina measc - seans nach mbeidh cead páirt a ghlacadh in imeachtaí eischuraclaim)
- Déanfaidh daltaí iarracht ionraice chun obair bhaile a chur i gcrích go hiomlán agus in am.
- Na daltaí atá as láthair le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gColáiste (m.sh. cluichí peile, díospóireachtaí agus araile) ba chóir dóibh bheith cinnte go ndéanfaidh siad an obair bhaile a tugadh sna ranganna.

- Ba chóir go ndéanfadh na daltaí na ceartúcháin iad féin bunaithe ar chomhairle an mhúinteora.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh an fhoireann monatóireacht ar chleachtadh agus chaighdeán an obair baile sa gColáiste. Déanfar leasuithe ar an dea-chleachtas i gcomhthéacs athbhreithniú na scoile.

### **Monatóireacht rialta ar Obair Thionscadail**

Iarrtar ar chuile mhúinteoir a bhfuil 'Tionscadail' mar eilimint dá n-ábhar clár spriocdhátaí a chur ar fáil ag tús na scoilbhliana, mura n-éiríonn le dalta cloí leis na spriocdataí aontaithe gearrfar tréimhse Coinneáil Iar-scoile air/uirthi.

### **Scrúdaithe Tí**

- Bíonn scrúdaithe tí ann do na scoláirí uilig
- Eagraítear na scrúdaithe 3 huairé - Samhain, Earrach agus Samhradh
- Ag am Nollaig bíonn na scrúdaithe do Bhliain 1 rangbhunaithe.

### **Measúnú ar an tSraith Shóisearach**

Úsáideann an Coláiste raon cur chuige i leith an mheasúnaithe chun an fhoghlaim a chomhlánú:

- Measúnuithe leanúnacha, ar a n-áirítear tascanna agus trialacha gnáthúla múinteoir-dheartha
- Measúnuithe Rangbhunaithe struchtúrtha d'ábhair sa dara agus sa tríú bliain
- Tasc Measúnachta scríofa d'ábhair atá bunaithe ar an dara Measúnú Rangbhunaithe agus a chuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit do mharcáil.
- Scrúdú stát-theistithe le measúnú seachtrach ar ábhair ag deireadh na tríú bliana.
- Tá socruithe ar leith ann d'Ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile, Adhmadóireacht agus Míotalóireacht

Tá an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an dóigh ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach. Tríd úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint.

Tá tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach. Tá ríthábhacht ag baint le cleachtais mheasúnaithe ranga ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim an scoláire agus le gnóthachtáil an scoláire a chur chun cinn.

Baineann measúnú leanúnach le cleachtas a bhíonn **foirmitheach** agus **suimitheach** araon.

### **Measúnuithe Rangbhunaithe ar ábhair**

Déanann scoláirí na Measúnuithe Rangbhunaithe i dtréimhse ama ar leith laistigh d'am ranga aus de réir mar a bhíonn ar chlár ama náisiúnta. Nuair a bhíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe do gach ábhár déanta, déantar ina dhiaidh sin Tasc Measúnachta foirmiúil scríofa a bhíonn bunaithe ar an topaic nó an tasc a rinneadh sa dara Measúnú Rangbhunaithe.

Déantar an Tasc Measúnachta sa rang faoi fheithoireacht an mhúinteora agus cuirtear é go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun é a mharcáil mar aon leis an script don ábhar sa scrúdú stát-theistithe. Tá siad leagtha amach ag leibhéal comónta. Déantar na marcanna don Tasc Measúnachta i ngach ábhar a chur san áireamh mar chuid den ghrád a bhronntar don ábhar sin.

### **Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

Glacann gach múinteoir páirt i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair mar a ndéanann siad samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tagann siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí. Bíonn gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair dírithe ar ábhar ar leith agus díreann ar an Mheasúnú Rangbhunaithe a bhíonn déanta ag an bhliainghrúpa ar leith

### **Bealaí agus Cur Chuige Measúnaithe**

- Tugtar obair bhaile oiriúnach agus déantar é a cheartú. Bailítear na cóipleabhair go rialta agus déantar léirmheas ar an obair nó ceartaítear an obair sa rang.
- Tugtar scrúduithe ranga go rialta bunaithe ar an obair atá go díreach déanta.
- Cuirtear sraith ceisteanna ar scoláirí go rialta. Forbraíonn seo caint agus líofacht na scoláirí.
- Déantar na cóipleabhair a mheas agus a scrúdú go rialta
- Bíonn TRÍ scrúdú fhoirmiúla i réimse ábhar ag gach scoláire sa bhliain: Samhain, Earrach agus Samhradh ach go ndéantar socruithe eile do lucht na scrúduithe stáit.
- Cuirtear ar a laghad dhá thuairisc abhaile gach bliain chuig tuismitheoirí agus trí cinn i gcás bliainghrúpaí áirithe.
- Bíonn 4 chruinniú againn le tuismitheoirí in aghaidh na bliana. Bíonn ábhar na dtuairiscí fite fuaite leis na cruinnithe seo.
- Is féidir cruinniú faoi leith a shocrú le tuismitheoir má mheastar go bhfuil ionchur de dhíth chun scoláire a chur ag obair níos fearr ar scoil.
- Is féidir smachtbhannaí éagsúla a chur i bhfeidhm mura mbíonn scolaire ag baint amach caighdeán shásúil ina c(h)uid oibre.
- Cuirtear san áireamh cumas an scoláire agus scrúdú a leagan amach, tuairisc a scríobh, ceisteanna a chur sa rang agus léirmheas a dhéanamh ar obair cóipleabhair.
- Tugtar 'GLUAIS' nuair nach bhfuil leagan Béarla á sholáthar
- Déantar na céimeanna uilig den phróiseas thuas a thaifeadadh sna háiteanna cuí.

## **Measúnú chun foghlama**

Tá measúnú chun foghlama an-tábhachtach chun aiseolas a sholáthar do scoláirí ar conas a gcuid foghlama a fheabhsú. Seo iad a leanas na modhanna éagsúla a úsáidtear i gColáiste an Eachréidh chun measúnú chun foghlama a chur chun cinn sa scoil:

- Roinntear na hintinní foghlama le daltaí ag tús gach rang.
- Déantar iarracht na daltaí a spreagadh roimh ré le seisiún tobsmaointeoireachta nó obair ghrúpa nó le háiseanna amhairc.
- Trí úsáid a bhaint as eiseamláirí cabhraítear le scoláirí tuiscint a fháil ar an chaighdeán oibre atá siad ag iarraidh a bhaint amach.
- Le linn ceartúcháin ar obair na scoláirí déantar cinnte go bhfuil nótaí tráchta an mhúinteora ag díriú ar an mhéid a rinneadh go maith agus ar chéimeanna chun feabhais.
- Cuirtear deiseanna ar fáil do scoláirí ionas go mbeidh siadsan ábalta a gcuid oibre féin agus obair a gcuid chomhscoláirí a cheartú.
- Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú
- Éagsúlacht san obair bhaile
- Obair ghrúpa
- Ionchur ó dhaltaí maidir le hobair bhaile

## **Measúnú ar an bhFoghlaim**

- Scrúduithe ranga – scrúdú cainte, scrúdú cluastuisceana agus scrúdú scríofa
- Grád nó marc a thabhairt don obair
- Comparáid a dhéanamh idir a dtorthaí féin agus cuid na ndaltaí eile sa scoil agus go náisiúnta
- Ag féachaint siar ar an bhfoghlaim a tharla cheana.

## **Féinmheasúnú**

- Uaireanta ceartaíonn na scoláirí a gcuid oibre féin agus tugann siad marc nó grád don obair sin.
- Uaireanta cuireann na múinteoirí líne faoi roinnt botún agus caithfidh na daltaí na botúin sin a cheartú.
- Aithníonn siad na botúin atá déanta acu, tuigeann siad iad agus foghlaimíonn siad ó na botúin seo.
- Scoláirí ag oibriú amach iad féin cén céatadán a thuillfeadh a gcuid oibre.

## **Piarmheasúnú**

- Cuirtear ceist ar scoláirí obair scoláirí eile sa rang a cheartú uaireanta.
- Cuireann scoláirí líne faoi na botúin is mó atá déanta acu uaireanta agus uaireanta eile ceartaíonn siad na botúin
- Tugann scoláirí an grád oiriúnach don obair.

## **Dialann Scoile**

- Is den riachtanas é Dialann Scoile a bheith ag an dalta ar scoil gach lá.
- Is chun cabhrú le daltaí a gcuid oibre a eagrú atá an Dialann Scoile ann.
- Scríobhfaidh daltaí sonraí an obair bhaile sa Dialann chuile lá.

- Déanfaidh múinteoirí ábhair seiceáil laethúil ar an Dialann mar ghnáthchuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Is áis freisin í, an Dialann Scoile, chun comhfhreagras idir an Choláiste agus an baile, agus idir múinteoirí agus tuismitheoirí a chothú.
- Iarrtar ar thuismitheoirí an Dialann Scoile a shíniú go seachtainiúil.
- Iarrtar freisin ar thuismitheoirí úsáid a bhaint as na nótaí, ar leathanaigh cúil na dialainne, chun as láithreachtaí a mhíniú.
- Má chailtear an Dialann Scoile beidh ar an dalta ceann nua a cheannacht.